

## Feidhmeannacht AE (Grád VI)

Tá an Tionól ag iarraidh duine a earcú anois do phost Feidhmeannacht AE (Grád VI).

### An Post

Beidh an té a cheapfar ag tuairisciú don Stiúrthóir Cúnta agus don Oifigeach Feidhmiúcháin nó do cheachtar díobh. Beidh ról tábhachtach aige nó aici i dtaobh cur chun cinn Clár Iarthuaisceart na hEorpa agus beidh dlúth-theagmháil aige nó aici le rúnaíocht an chláir. Ina theannta sin beidh sé/sí ag obair mar chomhordaitheoir agus beidh baint aige/aici leis an obair a bhaineann le Tionscadail/Cláir eile atá á maoiniú ag an AE de réir mar a thagann siad chun cinn. Leanfar de shocrúithe pinsin cui más ar iasacht ó údarás poiblí a thagann an té a cheapfar.

### An Duine

Beidh sé nó sí ina dhuine/ina duine dea-oilte, solúbtha ard-spreagtha. Beidh scileanna maithe idirphearsanta aige nó aici chomh maith le cumas déileáil le daoine i mórán eagraíochtaí éagsúla. Táthar ag súil le hiarrthóirí eolas sásúil a bheith acu ar eagraíochtaí na seirbhíse poiblí in Éirinn chomh maith le tuiscint phraiticiúil ar cheisteanna mar gheall ar fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus fhisiciúil ag an leibhéal Eorpach, Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil. Beidh tuiscint ar phrionsabail, ar bhainistiú, ar rialú agus ar riachtanais tuairiscithe a ghabhann le Cistí Struchtúrtha an AE ag teastáil chomh maith. Tá líofacht i scríobh agus i labhairt an Bhéarla riachtanach agus ba fhíormhaith an rud é líofacht i dteanga eile de theangacha Iarthuaisceart na hEorpa a bheith aige nó aici, leis.

### Suíomh

Ceanncheathrú Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus i gCathair Phórt Láirge.

### Tuarastal

€48,540 - €59,320 atá mar thuarastal ar an bpost seo (Incrimint Fad-Seirbhíse san áireamh).  
Beidh feidhm ag Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil leis an bpost seo.

### Dáta deiridh

Is é an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a fháil ná 4.00 pm ar an Déardaoin 3 Nollag 2020

### Tuilleadh Sonraí

Is féidir foirmeacha iarratais agus tuilleadh sonraí a íoslódáil ón suíomh idirlín [www.southernassembly.ie](http://www.southernassembly.ie) nó is féidir iad a fháil ó **R-phost:** [hr@southernassembly.ie](mailto:hr@southernassembly.ie)

*Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt tiomanta do bheartas comhionannas deise*

